



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

2025/0349(COD)

PE-CONS 56/26

ENV 931
CLIMA 393
PECHE 294
CODEC 1434

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena gcumhachtaítear an Fhrainc aontú don Choinbhinsiún Idir-Mheiriceánach chun Turtair Mhara a Chosaint agus a Chaomhnú

CINNEADH (AE) 2026/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an

**lena gcumhachtaítear an Fhrainc aontú don Choinbhinsiún Idir-Mheiriceánach
chun Turtair Mhara a Chosaint agus a Chaomhnú**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach²,

¹ Tuairim an 21 Eanáir 2026 (IO C, C/2026/1967, 28.4.2026, ELI:
<http://data.europa.eu/eli/C/2026/1967/oj>).

² Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Deireadh Fómhair 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ...

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 4 Feabhra 2025, d'iarr an Fhrainc cumhachtú ón Aontas chun aontú don Choinbhinsiún Idir-Mheiriceánach chun Turtair Mhara a Chosaint agus a Chaomhnú, arna dhéanamh in Caracas an 1 Nollaig 1996 ('an Coinbhinsiún'), chun a comhar a neartú leis na tíortha a bhfuil teorainn acu lena críocha ar mhór-ranna Mheiriceá i limistéar cosanta speiceas turtar mara a bhíonn i láthair i bhfarraigí in aice le mór-ranna Mheiriceá agus le Muir Chairib.
- (2) Tagann ábhair áirithe a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, chun aontú don Choinbhinsiún, ceanglaítear ar an Aontas an Fhrainc a chumhachtú de bhun Airteagal 2(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcás ábhair a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Ní hionann an Cinneadh seo agus inniúlacht seachtrach a bheith á feidhmiú ag an Aontas a mhéid a bhaineann le hábhair a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún nach mbaineann le hinniúlacht eisiach.
- (3) Tá an Coinbhinsiún i gcomhréir le beartais an Aontais i réimsí chosaint acmhainní bitheolaíocha na mara agus an chomhshaoil, go háirithe a mhéid a bhaineann le bearta chun turtair mhara a chosaint agus a chaomhnú. Ós rud é go bhfuil an Coinbhinsiún oscailt le haghaidh aontachas le Stáit ar mhór-ranna Mheiriceá agus i Muir Chairib, is iomchuí don Aontas an Fhrainc a chumhachtú chun aontú dó.

- (4) Tá na tíortha agus na críocha Francacha thar lear a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le CFAE, agus a n-uiscí, lasmuigh de raon feidhme críochach na gConarthaí a mhéid a bhaineann, inter alia, leis na hábhair a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas ina leith. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo gan dochar d'aon cheart nó oibleagáid de chuid na Fraince a eascraíonn as aontachas don Choinbhinsiún i leith na dtíortha agus na gcríoch sin, agus a n-uiscí.
- (5) Tá réigiúin fhorimeallacha áirithe de chuid na Fraince atá suite laistigh de limistéar chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin, amhail Guáin na Fraince, neamhchosanta ar ghníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha a mbíonn gabháil theagmhasach líon mór turtar mara mar thoradh orthu. Tá gá le comhar le tíortha comharsanachta chun na speicis sin atá faoi chosaint a choimirciú agus chun sláine a ngnáthóg a áirithiú. Dhéanfaí comhar den sórt sin a éascú trí dhul isteach sa Choinbhinsiún.
- (6) Ba cheart don Fhrainc Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoina haontachas don Choinbhinsiún. Ba cheart don Fhrainc dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le páirtithe leasmhara ábhartha, go háirithe páirtithe leasmhara áitiúla, maidir le seasaimh a bhaineann le cinntí, bearta agus moltaí arna ndéanamh faoin gCoinbhinsiún agus an Coimisiún a chur ar an eolas go tráthrialta maidir leis na cinntí, bearta agus moltaí sin a ghlacadh. Is féidir le Parlaimint na hEorpa a iarraidh ar an gCoimisiún í a choinneáil ar an eolas faoi na cinntí, na bearta agus na moltaí a dhéantar faoin gCoinbhinsiún. Ba cheart don Fhrainc a tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal XI den Choinbhinsiún a chur ar fáil freisin do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cumhachtaítear an Fhrainc aontú don Choinbhinsiún Idir-Mheiriceánach chun Turtair Mhara a Chosaint agus a Chaomhnú, arna dhéanamh in Caracas an 1 Nollaig 1996 ('an Coinbhinsiún').

Airteagal 2

Cuirfidh an Fhrainc Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas faoina haontachas don Choinbhinsiún.

Rachaidh an Fhrainc i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le páirtithe leasmhara ábhartha, go háirithe páirtithe leasmhara áitiúla, maidir le seasaimh a bhaineann le cinntí, bearta agus moltaí arna ndéanamh faoin gCoinbhinsiún agus cuirfidh sí an Coimisiún ar an eolas go tráthrialta maidir leis na cinntí, bearta agus moltaí sin a ghlacadh.

Cuirfidh an Fhrainc a tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal XI den Choinbhinsiún ar fáil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún.

Airteagal 3

Is chuig an bhFrainc a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
